

ÚBE/GL/2023/02

---

21/02/2023

---

## Treoirlínte (athbhreithnithe)

---

maidir le modhanna chun  
ranníocaíochtaí le scéimeanna  
ráthaíochta tascí a ríomh faoi Threoir  
2014/49/AE, lena n-aisghairtear agus  
lena n-ionadaítear Treoirlínte  
ÚBE/GL/2015/10

# 1. Oibleagáidí comhlíonta agus tuairiscithe

---

## Stádas na dTreoirlínte seo

1. Tá Treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, a bhfuil feidhm ag Treoirlínte ina leith, a chomhlíonadh trí iad a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na Treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu nó an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 11.09.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2023/02' uirthi. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

---

### Ábhar

5. Comhlíonann na Treoirlínte seo an sainordú a tugadh do ÚBE faoi Airteagal 13(3) de Threoir 2014/49/AE<sup>2</sup> (DGSD), chun Treoirlínte a eisiúint chun modhanna a shonrú chun ranníocaíochtaí le SRTanna a ríomh.

### Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le modhanna a fhorbairt chun ranníocaíochtaí rioscabhunaithe na n-institiúidí is baill le SRT a ríomh.
7. Ba cheart do na húdaráis inniúla, i gcomhar leis na húdaráis ainmnithe, a áirithiú go gcuirfidh SRTanna na Treoirlínte seo i bhfeidhm agus modhanna á bhforbairt acu chun ranníocaíochtaí rioscabhunaithe óna gcuid institiúidí is comhaltaí a ríomh agus iad a chur i bhfeidhm agus na modhanna ríomha sin á bhformheas acu i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den DGSD.
8. I gcás ina bhfuil na húdaráis inniúla, i gcomhar leis na húdaráis ainmnithe, freagrach as an modh ríofa a fhorbairt agus/nó a chur i bhfeidhm, ba cheart dóibh forálacha na dTreoirlínte seo a chur i bhfeidhm.
9. Níl feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le brainsí institiúidí creidmheasa tríú tír. Mar sin féin, féadfaidh údaráis inniúla, i gcomhar le húdaráis ainmnithe, rogha a dhéanamh na Treoirlínte sin a chur i bhfeidhm ar bhraint tríú tír freisin.

### Seolaithe

10. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar scéimeanna ráthaíochta taiscí, ar údaráis inniúla agus ar údaráis ainmnithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(1), (17) agus (18) den DGSD (agus dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (i) agus (iv) de Rialachán (AE) 1093/2010).

### Sainmhínithe

11. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear sa DGSD agus atá sna Treoirlínte. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

---

<sup>2</sup> Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (athmhúnlú) (IO L 173/149, 12.6.2014, lch. 149).

Acmhainní airgeadais eile atá ar fáil (AFManna eile)	mar a shainmhínítear i dTreoirlínte ÚBE maidir le hacmhainní airgeadais atá ar fáil (AFM) de Scéimeanna Rátháíochta Taiscí (SRT) (ÚBE/GL/2021/17) a léiriú agus a thuairisciú, a foilsíodh sr an 17 Nollaig 2021.
Acmhainní airgeadais incháilithe atá ar fáil (QAFM)	mar a shainmhínítear i dTreoirlínte ÚBE maidir le hacmhainní airgeadais atá ar fáil (AFM) de Scéimeanna Rátháíochta Taiscí (SRTanna) (ÚBE/GL/2021/17) a léiriú agus a thuairisciú, a foilsíodh ar an 17 Nollaig 2021.
Ball-institiúid	institiúid creidmheasa, mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 <sup>3</sup> , atá cleamhnaithe le SRT ar leith.
Idirghabháil SRT	aon bheart a dhéanann an SRT lena gceanglaítear cistí SRT a úsáid, chun a dhualgais a chomhlíonadh maidir le taiscí cumhdaithe a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 11 den DGSD. Áirítear orthu sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, aisíocaíocht taisceoirí tar éis chliseadh ball-institiúide, ranníocaíocht SRT le maoiniú réitigh, instealladh caipitil a sholáthar, dliteanais a ráthú nó a ghlacadh ar lámh de dheasca institiúid atá ag cliseadh nó institiúid anásta chun cosc a chur ar chliseadh na hinstiúide, nó bearta malartacha chun rochtain taisceoirí ar thaiscí cumhdaithe a chaomhnú.
Modh ríomha	an modh chun ranníocaíochtaí na n-institiúidí is comhaltaí le SRT a ríomh.
SREP	an próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta mar a thuairiscítear in Airteagal 97 de Threoir 2013/36/AE <sup>4</sup> agus a shonraítear tuilleadh i dTreoirlínte ÚBE maidir le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna le haghaidh an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) agus na tástála struis maoirseachta faoi Threoir 2013/36/AE.

<sup>3</sup> Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

<sup>4</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2013, maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE.

## 3. Cur chun feidhme

---

### Dáta cur chun feidhme

12. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 3 Iúil 2024. Féadfaidh na seolaithe na Treoirlínte sin a chur i bhfeidhm in ionad ÚBE/GL/2015/10 cheana féin ag dáta níos luaithe dá rogha féin, tar éis dháta foilsithe na dTreoirlínte ar shuíomh gréasáin ÚBE i dteangacha oifigiúla uile an Aontais (dáta eisiúna na dTreoirlínte).

### Aisghairm

13. Déantar na Treoirlínte ÚBE/GL/2015/10 a aisghairm le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm na dTreoirlínte seo. Scriostar mír 21 de ÚBE/GL/2021/17 le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm na dTreoirlínte seo.<sup>5</sup>

---

<sup>5</sup> Ionchorpraíodh mír 21 de Threoirlínte ÚBE maidir leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil (AFM) de Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (ASSanna) (ÚBE/GL/2021/17) a leagan amach agus a thuairisciú i mír 17 de na Treoirlínte seo.

## 4. Treoir maidir le modhanna a fhorbairt chun ranníocaíochtaí le SRTanna a ríomh

---

### 4.1. Foirmle ríomha

14. Ba cheart don SRT ranníocaíochtaí tréimhsiúla ball-institiúide 'i' a shocrú tríd an bhfoirmle seo a leanas a úsáid.

$$C_i = CR * ARW_i * CD_i * \mu$$

I gcás gurb ionann:

- $C_i$  = Ranníocaíocht thréimhsiúil ó bhall-institiúid 'i'  
 $CR$  = An ráta ranníocaíochta (an ráta céanna i gcás na n-institiúidí uile is comhaltaí i dtréimhse áirithe)  
 $ARW_i$  = Ualú riosca comhiomlán maidir le ball-institiúid 'i'  
 $CD_i$  = Taisc cumhdaithe maidir le ball-institiúid 'i'  
 $\mu$  = Comhéifeacht choigeartaithe (comhionann le gach institiúid in aon tréimhse ar leith)  
 $i$  = ball-institiúid 'i', i raon 1 go 'n'.

### 4.2. Ráta ranníocaíochta (CR)

15. Ba cheart don SRT an CR a chinneadh uair sa bhliain ar a laghad. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith sa CR le haghaidh tréimhse áirithe:

$$CR = \frac{\text{spríocleibhéal tréimhsiúil}}{\sum_{i=1}^n CD_i}$$

16. Ar a laghad, ba cheart don SRT an spríocleibhéal tréimhsiúil a shocrú de réir thoradh na foirmle seo a leanas i gcás ina gcaithfidh an t-ainmneoir a bheith cothrom le 1 ar a laghad:

(íosmhéid) spríocleibhéal tréimhsiúil =

$\frac{\text{spríocleibhéal íosta} - \text{acmhainní airgeadais incháilithe atá ar fáil (QAFM)}}{\text{an líon tréimhsí atá fágtha go dtí gur gá an spríocleibhéal íosta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den DGSD}}$

17. I gcás ina bhfuil dliteanas gan íoc ag an SRT, agus an t-íoscheanglas faoi mhír 16 á chur san áireamh, ba cheart don SRT an spriocleibhéal tréimhsiúil a shocrú chun go leor ranníocaíochtaí a chruinniú ar bhealach réamhbhreathnaitheach ionas gur leor na leibhéil acmhainní airgeadais cáilithe atá ar fáil (QAFM eile) agus acmhainní airgeadais eile atá ar fáil (AFM eile) chun na dliteanais gan íoc a sheirbhísiú a luaithe a bheidh na dliteanais sin dlite, agus chun an spriocleibhéal a bhaint amach faoin sprioc-am, a leagtar amach in Airteagal 10(2) de DGSD. Agus an spriocleibhéal tréimhsiúil á shocrú, ba cheart don SRT an dá cheann díobh seo a leanas a áirithiú:
  - a. nach mbeidh mar thoradh ar sheirbhísiú intuartha an dliteanais go mbeidh tearclámhas ann i leith chonair cistiúcháin QAFM a eascraíonn as cur i bhfeidhm mhír 16; agus
  - b. faoin am nach mór an spriocleibhéal a bhaint amach arís i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de DGSD, nach laghdaítear QAFM an SRT faoi bhun an spriocleibhéil leis an seirbhísiú intuartha ar an dliteanas.
18. Féadfaidh an SRT an spriocleibhéal tréimhsiúil a shocrú atá níos airde ná an t-íosmhéid a cheanglaítear faoi mhír 16, mar shampla, chun an éabhlóid a mheastar a thiocfaidh ar thaiscí cumhdaithe comhiomlána na mball-institiúidí a léiriú.
19. Agus míreanna 16, 17 agus 18 á gcur san áireamh, ba cheart don SRT an spriocleibhéal tréimhsiúil a leagan síos chun ranníocaíochtaí tréimhsiúla a scaipeadh chomh cothrom agus is féidir thar thréimhse ama chun spriocleibhéal an SRT a bhaint amach.
20. Féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, a cheadú don SRT spriocleibhéal tréimhsiúil níos ísle a shocrú ná an spriocleibhéal íosta a cheanglaítear faoi mhír 16 i gcás ina gcinnfidh sé go gcomhlíontar, trí spriocleibhéal tréimhsiúil níos ísle a thobhach, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(2), fómhír 4 den DGSD, agus nach bhfágfaidh sé go sáróidh an SRT an ceanglas maidir leis an spriocleibhéal íosta a bhaint amach ag an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 10(2) den DGSD. Agus é ag ligean don SRT spriocleibhéal tréimhsiúil níos ísle a shocrú, féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, an éabhlóid a mheastar a thiocfaidh ar thaiscí cumhdaithe comhiomlána na mball-institiúidí a chur san áireamh.
21. Féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, comhairle a chur ar an SRT spriocleibhéal tréimhsiúil níos airde a shocrú ná an spriocleibhéal íosta a cheanglaítear faoi mhír 16 i gcás ina gcinnfidh sé go gcomhlíonann spriocleibhéal tréimhsiúil níos airde na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(2), fómhír 4 den DGSD, agus ina léirítear an éabhlóid a mheastar a thiocfaidh ar thaiscí cumhdaithe comhiomlána na mball-institiúidí nuair a shocraíonn sé spriocleibhéal tréimhsiúil níos airde.
22. I gcás ina dtoibhíonn SRT ranníocaíochtaí urghnácha ex post de réir Airteagal 10(8) den DGSD, ba cheart don SRT ina ionad sin an CR a chinneadh de réir na foirmle seo a leanas:

$$CR = \frac{\text{an cistiú a éilítear i gcomhréir le hAirteagal 10(8) den DGSD}}{\sum_{i=1}^n CD_i}$$

### 4.3. Taiscí cumhdaithe (CD)

23. Maidir le hAirteagal 7(3) den DGSD, mura gcinneann ball-institiúid go cruinn méid beacht na dtaiscí cumhdaithe i gcuntais tairbhí nó uasmhéid fionnta féideartha de thaiscí cumhdaithe i gcuntais den sórt sin, ba cheart don SRT glacadh leis go gcumhdaítear gach ciste sna cuntais tairbhí chun críche ranníocaíochtaí a ríomh. I gcás ina dtuairiscíonn institiúid is comhalta méid beacht na dtaiscí cumhdaithe i gcuntais den sórt sin, nó uasmhéid fionnta féideartha de thaiscí cumhdaithe i gcuntais tairbhí, ba cheart don SRT na figiúirí sin a chur san áireamh agus ranníocaíochtaí na ball-institiúide á ríomh. Ba cheart don údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, a chinneadh cén fhaisnéis is gá chun an méid beacht nó an t-uasmhéid fionnta féideartha de thaiscí cumhdaithe i gcuntas tairbhí a chur san áireamh. In aon chás, ba cheart don SRT a bheith in ann uasmhéid féideartha na dtaiscí cumhdaithe a fhionnadh má tá an fhaisnéis aige faoi líon na ndaoine atá i dteideal iomlán na suimeanna atá i gcuntas tairbhí a fháil, tríd an uimhir sin a iolrú faoin leibhéal cumhdaigh de réir Airteagal 6 den DGSD. Féadfaidh an SRT iarmhéideanna arda sealadacha a léiriú chun an t-uasmhéid féideartha de thaiscí cumhdaithe a fhionnadh.

24. Chun na ranníocaíochtaí leis an gciste SRT a ríomh, i gcásanna eile ina bhfuil éiginnteacht ann maidir le hincháilitheacht agus cumhdach taisce aonair áirithe i gcleachtas, ba cheart don SRT glacadh leis go bhfuil na taiscí cumhdaithe. Féadfaidh an SRT iarmhéideanna arda sealadacha a chur san áireamh chun na ranníocaíochtaí leis an gciste SRT a ríomh.

### 4.4. Comhéifeacht choigeartaithe ( $\mu$ )

25. Ba cheart don SRT an chomhéifeacht choigeartaithe  $\mu$  a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$\mu = \frac{\sum_{i=1}^n CD_i}{\sum_{i=1}^n ARW_i * CD_i}$$

### 4.5. An t-ualú priacail comhiomlán (ARW) a ríomh

26. Ba cheart don SRT ARW a shannadh do bhall-institiúid 'i' ar bhonn ARS le haghaidh na hinstiúide sin.



27. Ba cheart don SRT an ARS a ríomh trí scóir riosca uile tháscairí aonair (IRS) na hinstitiúide sin a shuimiú, arna iolrú faoi ualuithe táscaire iomchuí (IW) do gach IRS.
28. Ba cheart don SRT an IRS a ríomh bunaithe ar tháscairí riosca iomchuí.

**(i) Catagóirí riosca agus táscairí riosca**

*Catagóirí riosca*

29. Ba cheart don SRT ARW do bhall-institiúid aonair a ríomh bunaithe ar thacar táscairí riosca ó gach ceann de na cúig chatagóir riosca seo a leanas:
  - a. Caipiteal: ba cheart go léireodh táscairí leibhéal chumas ionsúcháin caillteanais na ball-institiúide.
  - b. Leachtacht agus maoiniú: ba cheart do tháscairí tomhas a dhéanamh ar chumas na ball-institiúide a hoibleagáidí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite gan dochar a dhéanamh dá riocht airgeadais.
  - c. Cáilíocht sócmhainní: ba cheart do tháscairí tomhas a dhéanamh ar a mhéid is dóigh a rachaidh caillteanais chreidmheasa i gcion ar an mball-institiúid.
  - d. Samhail ghnó agus bainistíocht ghnó: ba cheart do tháscairí tomhas a dhéanamh ar an riosca a eascraíonn as samhail ghnó reatha agus as pleananna straitéiseacha reatha na ball-institiúide, ar cháilíocht rialachas inmheánach agus rialuithe inmheánacha na ball-institiúide.
  - e. Caillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann don SRT: ba cheart na caillteanais a d'fhéadfadh a bheith ag an SRT mar thoradh ar idirghabháil SRT a bheith léirithe i dtáscairí, caillteanais nach dócha go n-aisghabhfaidh an SRT iad.

*Croítháscairí riosca*

30. Laistigh de gach catagóir riosca, ba cheart don SRT na croítháscairí riosca a shonraítear i dTábla 1 sa mhodh ríomha a chur san áireamh. Mar eisceacht, féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, príomhtháscaire a eisiáil nó a cheadú don SRT, maidir le cineálacha sonracha institiúidí, ar bhonn bonn cirt nach bhfuil an táscaire sin ar fáil mar gheall ar shaintréithe dlíthiúla nó ar chóras maoirseachta na n-institiúidí sin.
31. I gcás ina ndéanann an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe nó leis an SRT, croítháscaire riosca a bhaint maidir le chineál sonracha ball-institiúide, ba cheart dóibh an t-ionadaí is iomchuí a úsáid don táscaire a baineadh. Ba cheart dóibh a áirithiú go léirítear na rioscaí a bhaineann leis an institiúid don SRT sna táscairí eile a úsáidtear. Ba cheart dóibh a chur san áireamh freisin an gá atá le machaire réidh le ball-institiúidí eile a bhfuil an táscaire eisiata ar fáil dóibh.

32. Ba cheart do SRT ceachtar den Chóimheas Cumhdaigh Caipitil nó den chóimheas Gnáthchothromais Leibhéal 1 a chur i bhfeidhm mar chroítháscaire.

Tábla 1: Croítháscairí riosca

Ainm táscaire	Foirmle / Tuairisc	Comhartha
<b>1. Caipiteal</b>		
1.1. Cóimheas Giarála	Cóimheas Giarála mar a luaitear in Airteagal 429 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	(-) Léiríonn luach níos airde riosca níos ísle
1.2.a Cóimheas Gnáthchothromais Leibhéal 1 (cóimheas CET1)	Cóimheas CET1 mar a luaitear in Airteagal 92(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	(-) Léiríonn luach níos airde riosca níos ísle
1.2.b Cóimheas Cumhdaigh Caipitil (CCR)	$\frac{\text{Cóimheas iarbhír CET1}}{\text{Cóimheas riachtanach CET1}} \text{ nó } \frac{\text{Cistí dílse iarbhír}}{\text{Cistí dílse riachtanacha}}$ <p>I gcás gurb ionann:  ‘cistí dílse’ mar a luaitear in Airteagal 4(118) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  tagraíonn ‘CET1 riachtanach’ agus ‘cistí dílse riachtanacha’ d’iomlán CET1 agus iomlán na riachtanas cistí dílse atá ag institiúid i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 104(1)(a) agus Airteagal 128(6) de Threoir 2013/36/AE.</p>	(-) Léiríonn luach níos airde riosca níos ísle
<b>2. Leachtacht agus maoiniú</b>		
2.1. Cóimheas Cumhdaigh Leachtachta (LCR)	LCR mar a luaitear in Airteagal 412 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	(-) Léiríonn luach níos airde riosca níos ísle
2.2. Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (NSFR)	NSFR mar a shainmhínítear in Airteagal 428a-428az de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	(-) Léiríonn luach níos airde riosca níos ísle
<b>3. Cáilíocht na sócmhainne</b>		
3.1 Cóimheas iasachtaí neamhthuillmheacha (cóimheas NPL)	Cóimheas NPL mar a shonraítear in Airteagal 11(2) fómhír (g) pointe (ii) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún <sup>6</sup>	(+) Léiríonn luach níos airde riosca níos airde

<sup>6</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014.

<b>4. Samhail ghnó agus bainistiú</b>		
4.1. Méid iomlán neamhchosanta ar riosca (TREA)/Cóimheas na sócmhainní iomlána	<p style="text-align: center;"><u>Méid Iomlán Neamhchosanta ar Riosca (TREA)</u> Sócmhainní Iomlána</p> <p>I gcás gurb ionann: 'Méid iomlán neamhchosanta ar riosca' mar a luaitear in Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p> <p>Féadfaidh SRTanna calabrúcháin éagsúla a úsáid do bhall-institiúidí trí úsáid a bhaint as an gcur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha nó as na modhanna caighdeánaithe chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh</p>	(+) Léiríonn luach níos airde riosca níos airde
4.2 Tuairisceán ar shócmhainní (RoA)	<p style="text-align: center;"><u>Glanioncam</u> Sócmhainní Iomlána</p> <p>Ba cheart do SRTanna an RoA a ríomh mar mheán thar 2 bhliain ar a laghad chun teagmhais aonuaire a sheachaint agus chun comhchiogalacht i ranníocaíochtaí a sheachaint.</p>	(-)/(+) Tríd is tríd, léiríonn luach níos airde riosca níos ísle, ach is féidir le luachanna ró-ard ardriosca a léiriú freisin
<b>5. Cailteanais a d'fhéadfadh a bheith ann don SRT</b>		
5.1. Taisc cumhdaithe / sócmhainní nach bhfuil curtha i bhfiacha	<p style="text-align: center;"><u>Taisc Cumhdaithe</u> Sócmhainní nach bhfuil curtha i bhfiacha</p> <p>I gcás gurb ionann: sainmhínítear 'sócmhainní nach bhfuil curtha i bhfiacha' in Airteagal 411(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>	(+) Léiríonn luach níos airde riosca níos airde

#### *Táscairí riosca breise*

33. Sa bhreis ar na príomhtháscairí riosca, féadfaidh an SRT táscairí riosca breise a shainiú agus a chur san áireamh, ar táscairí iad atá ábhartha chun na difríochtaí i bpróifílí riosca a chuid bhall-institiúidí a chinneadh.
34. Má tá srianta forchurtha ag Ballstát, trí rialachán, ar institiúidí laistigh d'fho-earnáil áirithe ar bhealach a laghdaíonn go mór an dóchúlacht go ndéanfaidh SRT idirghabháil, féadfaidh an SRT ranníocaíochtaí a laghdú ó bhall-institiúidí san earnáil ísealriosca faoi seach i gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 13(1) den DGSD, trí tháscaire riosca breise a chur san áireamh, ar choinníoll gur cheadaigh an t-údarás inniúil agus ainmnithe, i gcomhar le chéile, tar éis dó dul i gcomhairle leis an SRT, bunaithe ar fhianaise eimpíreach a léiríonn go raibh na hidirghabhálacha SRT níos ísle go comhsheasmhach ná mar a tharla in earnálacha eile laistigh de na hearnálacha ísealriosca sin.
35. Féadfaidh an SRT ranníocaíochtaí ball-institiúide atá mar chuid de scéim chosanta institiúideach (IPS) a laghdú i gcomhréir leis an tríú fómhír d'Airteagal 13(1) den DGSD trí tháscaire riosca breise a chur san áireamh sa mhodh ríomha. Ba cheart go léireofaí leis an táscaire maidir le ballraíocht IPS an sócmhainneacht bhreise agus an chosaint leachtachta arna soláthar ag an IPS

don bhall-institiúid. Chuige sin, ba cheart don táscaire riosca breise méid na gcistí ex-ante IPS atá ar fáil a thomhas gan mhoill chun críocha athchaipitlithe agus cistiúcháin leachtachta araon. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin freisin gealltanais chistiúcháin bhreise a bheidh inghlaoite ar iarratas agus arna dtacú le cúlchistí leachtachta atá i seilbh ball IPS. Chun a mheas an bhfuil na cistí ex ante sin mór go leor chun tacaíocht inchreidte éifeachtach a chur ar fáil don institiúid sin, ba cheart don SRT iad a shocrú i ndáil le méid na ball-institiúide IPS.

#### *Ceanglais maidir le táscairí riosca*

36. Ba cheart don SRT táscairí riosca a úsáid lena ngabhtar speictream leathan go leor foinsí riosca sa mhodh ríomha. Má roghnaíonn SRT táscairí breise agus nuair a roghnaíonn sé iad, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin rioscaí a eascraíonn as sciúradh airgid, as droch-rialachas nó as droch-chaighdeán na gcomhad a bhaineann le Radharc Aonair Custaiméirí, ach gan a bheith teoranta dóibh.
37. Ba cheart don SRT roghnú na dtáscairí riosca a ailíniú leis an dea-chleachtas i mbainistiú riosca agus leis na ceanglais stuamachta atá ann cheana féin.
38. Ba cheart don SRT úsáid a bhaint as luachanna na dtáscairí riosca do gach ball-institiúid arna ríomh ar bhonn aonair.
39. Mar sin féin, ba cheart don SRT luach na dtáscairí riosca a ríomh ar leibhéal comhdhlúite i gcás ina bhfeidhmíonn an Ballstát an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) de Threoir 2014/49/AE ionas gur féidir leis an gcomhlacht lárnach agus leis na hinstiúidí creidmheasa uile atá cleamhnaithe go buan leis an gcomhlacht lárnach, dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 575/2013, a bheith faoi réir an ualaithe riosca ina iomláine arna chinneadh don chomhlacht lárnach agus dá institiúidí cleamhnaithe ar bhonn comhdhlúite.
40. I gcás ina mbeidh tarscaoileadh faighte ag ball-institiúid ó cheanglais chaipitil agus/nó leachtachta a chomhlíonadh ar an leibhéal aonair de bhun Airteagal 7, Airteagal 8 nó Airteagal 21 de Rialachán (AE) 575/2013, ba cheart don SRT na táscairí caipitil/leachtachta comhfhreagracha a ríomh ar an leibhéal comhdhlúite nó ar an leibhéal fo-chomhdhlúite.
41. Chun luachanna na dtáscairí riosca le haghaidh tréimhse ar leith a ríomh, ba cheart don SRT na nithe seo a leanas a úsáid:
  - a. an luach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe le haghaidh suíomhanna ón ráiteas ioncaim;
  - b. an meán idir an luach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus an luach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin le haghaidh suíomhanna ón gclár comhardaithe.

#### *(ii) Ualaí do tháscairí riosca agus do chatagóirí riosca*

42. Ba cheart don SRT ualaí a shannadh do gach táscaire riosca sa mhodh chun ranníocaíochtaí a ríomh ionas go mbeidh a suim cothrom le 100%.

43. Agus ualaí á sannadh do tháscairí riosca ar leith, ba cheart don SRT na hualaí íosta ar a laghad a shannadh do na catagóirí riosca agus do na croítháscairí riosca, mar a shonraítear in Tábla 2.

**Tábla 2: Ualaí íosta do na catagóirí riosca agus do na croítháscairí riosca**

Catagóirí riosca agus croítháscairí riosca	Ualaí íosta
<b>1. Caipíteal</b>	<b>20%</b>
1.1. Cóimheas gearála	10%
1.2. Cóimheas CET1 nó CCR	10%
<b>2. Leachtacht agus maoiniú</b>	<b>15%</b>
2.1. LCR	5%
2.2. NSFR	10%
<b>3. Cáilíocht na sócmhainne</b>	<b>12.5%</b>
3.1. Cóimheas NPL	12.5%
<b>4. Samhail ghnó agus bainistiú</b>	<b>15%</b>
4.1. TREA / Sócmhainní iomlána	5%
4.2. RoA	10%
<b>5. Caillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann don SRT</b>	<b>12.5%</b>
5.1. Taisc cumhdaithe/Sócmhainní nach bhfuil curtha i bhfiach	12.5%
Suim:	75%

44. Is ionann suim na n-ualaí íosta a shonraítear sna Treoirí seo maidir leis na catagóirí riosca agus na croítháscairí riosca agus 75% de na hualaí iomlána. Ba cheart don SRT an 25% eile a dháileadh ar na catagóirí riosca a leagtar síos i mír 29.
45. Ba cheart don SRT 25% solúbtha d'ualaí a dháileadh trína dháileadh ar na táscairí riosca breise agus/nó trí ualaí íosta na gcroítháscairí riosca a mhéadú. Níor cheart go mbeadh ualach aon táscaire níos airde ná 25%.
46. I gcás nach n-úsáidtear croítháscaire, ba cheart don SRT an t-ualú íosta iomlán don chatagóir riosca sin a shannadh don chroítháscaire atá fágtha ón chatagóir riosca céanna.
47. I gcás nach bhfuil ach aon chroítháscaire amháin i gcatagóir, agus nach n-úsáidtear an croítháscaire seo, ba cheart don SRT ionadaí a chur ina ionad a bhfuil an t-íosualach céanna aige agus atá ag an gcroítháscaire.
48. I gcás aon táscaire riosca, ba cheart don SRT ualú amháin a shannadh dó agus an t-ualú céanna sin a chur i bhfeidhm maidir le gach ball-institiúid.

**(iii) Táscairí riosca aonair (IRS)**

49. Maidir le gach luach táscaire riosca, ba cheart don SRT scór riosca aonair (IRS) a shannadh ó 0 go 100, i gcás ina léiríonn 0 an riosca is ísle agus 100 an riosca is airde. Chun gach IRS a ríomh, féadfaidh an SRT an modh ‘buicéid’ nó ‘scála sleamhnáin’ a chur i bhfeidhm.
50. Ba cheart do SRTanna breithiúnas saineolaithe a chur i bhfeidhm chun na tairseacha a chalabrá, ach ba cheart dóibh, i gcás ar bith, na tairseacha íosta seo a leanas a urramú:
- Maidir leis an gcóimheas gearála, cóimheas bhunchothromas leibhéal 1, cóimheas cumhdaigh leachtachta agus cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, má tá luach tháscaire ball-institiúide níos ísle ná an t-íoscheanglas rialála is infheidhme de réir Airteagal 92(1), 412 agus 413 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart go mbeadh an IRS comhfhreagrach cothrom le 100.
  - Maidir leis an gcóimheas cumhdaigh caipitil, má tá luach táscaire ball-institiúide níos ísle ná 100%, ba cheart go mbeadh an IRS comhfhreagrach cothrom le 100.
  - Maidir le méid iomlán neamhchosanta ar riosca/cóimheas iomlán na sócmhainní agus na dtaiscí cumhdaithe/cóimheas na sócmhainní nach bhfuil curtha i bhfiach, má tá luach tháscaire ball-institiúide os cionn 100%, ba cheart go mbeadh an IRS comhfhreagrach cothrom le 100.

*An modh ‘buicéid’ don IRS*

51. Sa mhodh ‘buicéid’, i gcás táscaire riosca ar leith, sainíonn an SRT líon seasta aicmí riosca (buicéid), agus dhá bhuicéad ar a laghad ann. Ba cheart don SRT líon na mbuicéad a shainiú chun leibhéil éagsúla riosca a léiriú a bhaineann leis na ball-institiúidí (mar shampla, ardriosca, meánriosca, riosca íseal) a mheasúnaítear ar bhonn an táscaire riosca faoi seach.
52. Maidir le gach buicéad de tháscaire riosca ‘j’, ba cheart don SRT uasteorainn agus íosteorainn luach ‘A’ an táscaire riosca a chinneadh sa chaoi go ndéanfar ball-institiúidí a bhfuil leibhéal riosca comhchosúil acu a ghrúpáil sa bhuicéad céanna. Ba cheart don SRT teorainneacha na mbuicéad a chinneadh ar bhonn coibhneasta nó ar bhonn iomlán, sna cásanna seo a leanas:
- Agus an bonn coibhneasta á úsáid, ba cheart don SRT ball-institiúidí a dháileadh go cothrom idir buicéid. Cinneann an SRT teorainneacha na mbuicéad tar éis luachanna ‘A’ tháscaire riosca na mball-institiúidí sa bhuicéad céanna a chinneadh.
  - Agus an bonn iomlán á úsáid aige, ba cheart don SRT teorainneacha na mbuicéad a chinneadh chun a léiriú gurb ionann luachanna uile ‘A’ an táscaire riosca laistigh de na teorainneacha sin agus leibhéal riosca comhchosúil agus go gcríochnaíonn gach ball-institiúid ag a bhfuil leibhéal riosca comhchosúil sa bhuicéad céanna.

53. Ba cheart don SRT líon agus teorainneacha na mbuicéad a shocrú chun a áirithiú go ndéantar difreáil leordhóthanach agus fhiúntach idir na ball-institiúidí. Ba cheart do SRT gan an líon agus na teorainneacha a chalabhrú sa chaoi go n-aicmeofaí na ball-institiúidí sa bhuicéad céanna, d’ainneoin go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na leibhéil riosca arna dtomhas le táscaire riosca ar leith.
54. Níor cheart don SRT teorainn uachtarach a shocrú don bhuicéad is airde agus níor cheart dó teorainn níos ísle a shocrú don bhuicéad is ísle.
55. Maidir le gach buicéad táscaire riosca, ba cheart don SRT IRS comhfhreagrach a shannadh. Ba cheart don SRT IRS 100 a shannadh don bhuicéad is mó riosca agus IRS 0 a shannadh don bhuicéad is lú riosca. Féadfaidh an SRT imeacht ón riail sin maidir le táscairí riosca nach féidir ach dhá luach fhéideartha a bheith acu agus i gcás ina bhfuil meánleibhéal riosca i gceist le ceann amháin acu. Má chinneann an SRT úsáid a bhaint as an bhféidearthacht sin, ba cheart dó IRS 50 a shannadh don bhuicéad a sheasann don mheánleibhéal riosca agus ba cheart IRS 100 nó 0 a shannadh don bhuicéad eile.

*Modh an ‘scála sleamhnáin’ don IRS*

56. Sa mhodh sin, i gcás gach institiúide ‘i’ agus i gcás gach táscaire riosca ‘j’, ba cheart don SRT IRS a ríomh bunaithe ar luach ‘A’ an táscaire riosca. Ba cheart don SRT ‘a<sub>j</sub>’ teorainn uachtarach agus ‘b<sub>j</sub>’ teorainn íochtarach a shainiú do gach táscaire. Má tá luach an táscaire idir na teorainneacha sainithe, ba cheart don SRT luach an IRS a shannadh idir 0 agus 100 de réir an dá fhoirmle seo a leanas:

- a. Nuair a léiríonn luach táscaire níos airde riosca níos airde agus go bhfuil an táscaire os cionn na teorann uachtaraí ‘a<sub>j</sub>’, ba cheart don SRT luach an IRS a shocrú ag 100. Mar an gcéanna, nuair a bhíonn luach an táscaire faoi bhun na teorann íochtarí ‘b<sub>j</sub>’, ba cheart don SRT luach an IRS a shocrú ag 0. Is í an fhoirmle chomhfhreagrach ná:

$$IRS_{ij} = \begin{cases} 100 & \text{má tá } A_{ij} > a_j \\ 0 & \text{má tá } A_{ij} < b_j \\ \frac{A_{ij} - b_j}{a_j - b_j} * 100, & \text{má tá } b_j \leq A_{ij} \leq a_j \end{cases}$$

i gcás ina bhfuil j = táscaire ‘j’, i raon ó 1 go ‘m’.

- b. Mar an gcéanna, má léirítear riosca níos airde le táscaire níos ísle agus má tá an táscaire faoi bhun na teorann íochtarí ‘b<sub>j</sub>’, ba cheart don SRT luach an IRS a shocrú ag 100. Dá réir sin, nuair a bhíonn luach an táscaire os cionn na teorann uachtaraí ‘a<sub>j</sub>’, ba cheart don SRT luach an IRS a shocrú ag 0. Is í an fhoirmle chomhfhreagrach ná:

$$IRS_{ij} = \begin{cases} 0 & \text{má tá } A_{ij} > a_j \\ 100 & \text{má tá } A_{ij} < b_j \\ \frac{a_j - A_{ij}}{a_j - b_j} * 100, & \text{má tá } b_j \leq A_{ij} \leq a_j \end{cases}$$

57. I gcás gach táscaire riosca, ba cheart don SRT an uasteorainn ' $a_j$ ' agus an íosteorainn ' $b_j$ ' a chalabrú chun a áirithiú go ndéantar difreáil leordhóthanach fhiúntach idir na ball-institiúidí. Ba cheart don SRT gan na huasteorainneacha agus na híosteorainneacha a chalabrú sa chaoi gur cheart do gach ball-institiúid titim go leanúnach faoi bhun na híosteorann nó os cionn na huasteorann, in ainneoin difríochtaí suntasacha sa réimse a thomhaistear le táscaire riosca ar leith.

#### ***(iv) An IRS a chomhiomlánú isteach san ARS***

58. Ba cheart gach IRS den táscaire riosca ' $j$ ' le haghaidh institiúide ' $i$ ' a iolrú faoi IW riosca a shanntar do tháscaire riosca sonrath ' $j$ '. Ba cheart an IRS ualaithe a achoimriú ansin in ARS de réir na foirmle seo a leanas:

$$ARS_i = \sum_{j=1}^m IW_j * IRS_{ij}$$

I gcás gurb ionann:

$$\sum_{j=1}^m IW_j = 100\%$$

#### ***(v) An ARW a ríomh bunaithe ar an ARS***

59. I gcás gach ARS, ba cheart don SRT ARW comhfhreagrach a shannadh trí na tairseacha don ARW a shocrú agus tríd an modh 'buicéid' nó 'scála sleamhnáin' a chur i bhfeidhm, beag beann ar an modh a úsáidtear chun IRSanna éagsúla na dtáscairí riosca a chinneadh.

60. Ba cheart don SRT ARW a shannadh don ARS ionas gur féidir na ball-institiúidí a shannadh don ARW is ísle agus don ARW is airde, agus gur féidir sonraí a chur ann maidir leis na haicmí riosca éagsúla. Go háirithe, ba cheart don SRT gan an tsamhail a chalabrú ar bhealach go sannfaí beagnach gach ball-institiúid, in ainneoin próifílí riosca an-difriúil a bheith acu, d'aon aicme riosca amháin (mar shampla, an aicme riosca d'institiúidí a bhfuil meánphróifíl riosca acu) agus, dá bhrí sin, an ARW céanna a shannadh dóibh. Ní thugtar le tuiscint leis sin, áfach, gur cheart don SRT i ngach tréimhse an t-eatramh iomlán a úsáid agus ball-institiúidí a shannadh don ARW a chomhfhreagraíonn do na tairseacha is ísle agus do na tairseacha is airde den ARW.

#### ***Tairseacha le haghaidh ARW***

61. Ba cheart don SRT uastairseach ' $\alpha$ ' agus tairseach íochtarach ' $\beta$ ' den ARW a shocrú chun na difríochtaí riosca a thabhaíonn ball-institiúidí éagsúla a léiriú.

62. Ba cheart don SRT uastairseach ' $\alpha$ ' den ARW a shocrú idir 150% agus 200%.

63. Ba cheart don SRT tairseach níos ísle ' $\beta$ ' den ARW a shocrú idir 50% agus 75%.



64. Féadfaidh an SRT eatramh níos leithne a shocrú ar bhonn fírinne nach léiríonn an t-eatramh atá teoranta do 50%-200% na difríochtaí i samhlacha gnó agus próifílí riosca na mball-institiúidí go leordhóthanach agus go gcruthódh sé guais mhorálta trí bhall-institiúidí a bhfuil próifílí riosca an-éagsúil acu a ghrúpáil go saorga.

*An modh 'buicéid' don ARW*

65. Má chuireann an SRT an modh buicéid i bhfeidhm, ba cheart dó raonta don ARS a shainiú sa chaoi go gcomhfhreagraíonn siad d'aicme riosca ar leith (buicéad) agus ba cheart dó ARW a shannadh do gach buicéad de réir na foirmle seo a leanas:

$$ARW_i = \beta * \left(\frac{\alpha}{\beta}\right)^{\left(\frac{Buicéad_p - 1}{P - 1}\right)}$$

I gcás gurb ionann:

P = líon iomlán na mbuicéad don ARW;

P = líon an bhucéid, ag tosú ag 1 (an buicéad riosca is ísle is féidir) agus ag críochnú ag P (an buicéad riosca is airde is féidir);

$\beta = ARW(1)$ , i.e. an luach ARW inmhianaithe a chomhfhreagraíonn do bhucéad 1 (íostearainn); agus

$\alpha = ARW(N)$ , i.e. an luach ARW inmhianaithe a chomhfhreagraíonn do bhucéad P (uastearainn).

66. Ba cheart don SRT líon na mbuicéad 'P' a shocrú i gcomhréir le líon agus éagsúlacht na mball-institiúidí. Mar sin féin, ba cheart don SRT ceithre bhucéad 'P' ar a laghad a shocrú. Ba cheart don SRT buicéad amháin ar a laghad a shocrú i ndáil le ball-institiúidí lena mbaineann meánriosca, buicéad amháin ar a laghad a shocrú i ndáil le baill ísealriosca agus dhá bhucéad ar a laghad a shocrú i ndáil le hinstiúidí ardriosca.

*Modh an 'scála sleamhnáin' don ARW*

67. Má chuireann an SRT modh an scála sleamhnáin i bhfeidhm, ba cheart dó ARW comhfhreagrach a shannadh do gach ARS de réir na foirmle seo a leanas:

$$ARW_i = \beta * \left(\frac{\alpha}{\beta}\right)^{\left(\frac{ARS_i}{100}\right)}$$

I gcás:

gur féidir le ARS institiúide 'I' aon luach a ghlacadh idir 0 agus 100;

$\beta = ARW(0)$ , i.e. an luach ARW inmhianaithe a chomhfhreagraíonn do luach ARS 0 (íosteorainn); agus

$\alpha = ARW(100)$ , i.e. an luach ARW inmhianaithe a chomhfhreagraíonn do ARS 100 (uasteorainn).

68. Sa mhodh seo, tá an ARW a bhaineann leis an ARS ag fás go heaspóntúil, le huasteorainn ' $\alpha$ ' agus le híosteorainn ' $\beta$ '. Maidir le hinstiúid ar leith inarb é 100 an ARS (an scór is mó riosca), is é ' $\alpha$ ' an t-ualú riosca comhfhreagrach, arb é an t-ualú riosca is airde é. Mar an gcéanna, más é 0 an ARS, is é ' $\beta$ ' an t-ualú riosca comhfhreagrach, arb é an t-ualú riosca is ísle é.

69. I gcás nach gcumhdaíonn dáileadh ARS na mball-institiúidí SRT ach raon páirteach ARS a d'fhéadfadh a bheith ann, seachas an raon iomlán ó 0 go 100, féadfaidh an SRT an cás sin a léiriú trí chinneadh a dhéanamh tairseach ' $\gamma$ ' de chuid ARS níos airde ná 0 agus tairseach ' $\delta$ ' níos ísle ná 100 a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, ba cheart ARW de ' $\gamma$ ' a shannadh do ARS atá níos lú nó cothrom le ' $\beta$ ' agus ba cheart ARW de ' $\delta$ ' a shannadh do ARS atá níos airde nó cothrom le ' $\alpha$ '. Is í an fhoirmle fheabhsaithe chomhfhreagrach ná:

$$ARW_i = \beta * \left(\frac{\alpha}{\beta}\right)^{\left(\frac{ARS_i - \gamma}{\delta - \gamma}\right)}$$

I gcás:

gur  $0 < \gamma < \delta < 100$ ;

is é  $\gamma$  tairseach íochtair an ARS a aistríonn go dtí an ARW  $\beta$  is ísle; agus

is é  $\delta$  tairseach uachtair iarbhír an ARS a aistríonn go dtí an ARW  $\alpha$  is airde.

70. Ba cheart don SRT na tairseacha ' $\gamma$ ' agus ' $\delta$ ' a shocrú ionas nach sáródh ARS aon bhall-institiúide ' $\delta$ ' nó nach dtiteann sé faoi bhun ' $\gamma$ ' tráth an chalabraithe.

## 4.6. Modhnuithe roghnacha ar an bhfoirmle ríomha

71. Féadfaidh an SRT an fhoirmle ríomha i Roinn 4.1 de na Treoirlínte seo a mhodhnú mar a thuiriscítear thíos.

### (i) Ranníocaíocht íosta

72. Féadfaidh an SRT a chur de cheangal ar bhall-institiúidí ranníocaíocht íosta (MC) a íoc beag beann ar mhéid a dtaiscí cumhdaithe trí cheachtar de na foirmlí ríomha modhnaithe seo a leanas a chur i bhfeidhm chun na ranníocaíochtaí aonair a ríomh:

- a. I gcásanna ina gcuireann an SRT de cheangal ar bhall-institiúidí cuid dá ranníocaíochtaí tréimhsiúla iomlána a íoc i bhfoirm íos-ranníocaíochta sa bhreis ar ranníocaíocht rioscabhunaithe:

$$C_i = MC + (CR_{MC1} * ARW_i * CD_i * \mu)$$

I gcás:

MC= Ranníocaíocht íosta, arb ionann í agus le haghaidh gach ball-institiúide; agus

$$CR_{MC1} = \frac{\text{spriocleibhéal tréimhsiúil} - n * MC}{\sum_{i=1}^n CD_i}$$

- b. I gcásanna ina gcuireann an SRT de cheangal ar bhall-institiúidí ranníocaíocht rioscabhunaithe nó ranníocaíocht íosta a íoc, cibé acu is airde:

$$C_i = \text{Max} \{MC ; (CR_{MC2} * ARW_i * CD_i * \mu^*)\}$$

I gcás:

MC= Ranníocaíocht íosta, arb ionann í agus le haghaidh gach ball-institiúide;

x = Líon na n-institiúidí nár cheart dóibh ach an ranníocaíocht íosta a íoc. Tugtar tuairisc in Iarscríbhinn 1 ar an modh chun x a chinneadh;

$$CR_{MC2} = \frac{\text{spriocleibhéal tréimhsiúil} - x * MC}{\sum_{i=x+1}^n CD_i}$$

agus

$$\mu^* = \frac{\sum_{i=x+1}^n CD_i}{\sum_{i=x+1}^n (ARW_i * CD_i)}$$

73. Agus ranníocaíocht íosta á socrú aige, ba cheart don SRT aird chuí a thabhairt ar an riosca a bhaineann le baol morálta a bhaineann le ranníocaíochtaí seasta a shocrú agus ar an riosca go gcruthófaí bacainní chun dul isteach i margadh na seirbhísí bainc éireachta.

### (ii) Cistí SRT a úsáid chun cliseadh a chosc

74. I gcás ina gceadóidh Ballstát do SRT, lena n-áirítear IPS atá aitheanta go hoifigiúil mar SRT, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a úsáid le haghaidh beart malartach chun cliseadh institiúide creidmheasa a chosc, féadfaidh an SRT sin fachtóir breise a áireamh ina ríomh rioscabhunaithe féin, bunaithe ar mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca atá ag an institiúid. Sa chás sin, ba cheart don SRT an fhoirmle ríomha mhodhnaithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$C_i = CR * ARW_i * (CD_i + TREA_i) * \mu^{**}$$

I gcás:

TREA<sub>i</sub>= méid iomlán na neamhchosanta ar riosca atá ag institiúid 'i'; agus

$$\mu^{**} = \frac{\sum_{i=1}^n (CD_i)}{\sum_{i=1}^n (ARW_i * (CD)_i + TREA_i)}$$

75. Sula bhféadfaidh an SRT an fachtóir breise a chur chun feidhme, ba cheart don údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, measúnú a dhéanamh, mar chuid d'fhormheas an mhodha ríomha, ar cibé acu an bhfuil a thabhairt isteach i gcomhréir leis an riosca go mbeadh air idirghabháil a dhéanamh chun cosc a chur ar chliseadh institiúidí seachas taiscí cumhdaithe a chosaint.

**(iii) Modh ranníocaíochtaí stocbhunaithe**

76. I gcás ina gceadaíonn an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, don SRT modh ranníocaíochta stocbhunaithe a chur i bhfeidhm in ionad an mhodha ranníocaíochta sreabhadhbhunaithe, ba cheart don SRT an fhoirmle ríomha seo a leanas a chur i bhfeidhm seachas an ceann a bhfuil tuairisc air i mír 14:

$$C_i = CR_{stocbhunaithe} * ARW_i * CD_i * \mu - \sum \text{glan } C_i \text{ de thréimhsí roimhe seo}$$

I gcás:

$CR_{stocbhunaithe}$  = An ráta ranníocaíochta stocbhunaithe (is ionann é i gcás na mball-institiúidí uile i dtréimhse ar leith)

$\sum \text{glan } C_i \text{ de thréimhsí roimhe sin}$  = Suim ranníocaíochtaí na ball-institiúide 'i' maidir le tréimhsí roimhe sin glan ar aon choigeartuithe.

77. Chun  $CR_{stocbhunaithe}$  a ríomh, ba cheart don SRT mír 15 a chur i bhfeidhm, ach ba cheart dó mír 16 a mhodhnú mar seo a leanas i gcás inar gá go mbeadh an t-ainmneoir comhionann ar a laghad le 1:

(íosmhéid) *spriocleibhéal tréimhsiúil* =

(íosmhéid) *spriocleibhéal stocbhunaithe don tréimhse reatha* =

$$\frac{\text{spriocleibhéal íosta} - \text{acmhainní airgeadais incháilithe atá ar fáil (QAFM)}}{\text{an líon tréimhsí atá fágtha go dtí gur gá an spriocleibhéal íosta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den DGSD}} + QAFM$$

78. Ba cheart suim ghlan-ranníocaíochtaí na dtréimhsí roimhe seo de chuid na mbanc n ar fad atá ina mbaill den SRT a bheith cothrom le QAFM den SRT:

$$\sum_{i=1}^n \sum \text{glan } C_i \text{ de gach tréimhse roimhe sin} = QAFM$$

79. Ba cheart don SRT suim na ranníocaíochtaí a rinne ball-institiúid 'i' roimhe sin a dheimhniú le haghaidh na dtréimhsí uile roimhe sin, nó ar feadh tréimhse leordhóthanach ama a bhfuil an SRT in ann na ranníocaíochtaí roimhe sin ó gach ball-institiúid a dheimhniú ina leith, nó de réir

ionadaí leordhóthanach a léiríonn na ranníocaíochtaí a rinne ball-institiúid 'í' roimhe sin. I gcás gach ball-institiúide 'í' ba cheart don SRT suim na ranníocaíochtaí a rinneadh roimhe sin glan ar choigeartuithe a áireamh, a eascraíonn, mar shampla, as idirghabhálacha nó aisghabhálacha SRT, ionas go n-urramófar mír 78.

80. Féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, a chur de cheangal ar an SRT meán (ualaithe) an  $ARW_i$  agus meán (ualaithe) an  $CD_i$  a chur in ionad an  $ARW_i$  agus  $CD_i$  san fhoirmle i mír 76 thar roinnt tréimhsí. Más amhlaidh an cás, ba cheart don SRT líon na dtréimhsí a roghnú ina dtógfar an meán chun luaineachtaí láidre i ranníocaíochtaí na mball-institiúidí a sheachaint. Ní fhágann an ceanglas sin ón SRT a spriocleibhéal íosta a bhaint amach i gcomhréir leis na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 10(2), an chéad fhomhír agus an tríú fómhír den DGSD.

#### 4.7. An modh ríomha agus a athbhreithniú rialta a chalabhrú

81. Ba cheart don SRT an modh ríomha a chalabhrú bunaithe ar bhreithiúnas saineolach, agus saintréithe na hearnála baincéireachta náisiúnta á gcur san áireamh, mar aon le méid na hilchineálachta i measc ball-institiúidí. Áirítear an méid seo a leanas i gcalabhrú an mhodha ríomha:
- roghnú na dtáscairí riosca;
  - ualú na dtáscairí riosca;
  - uasteorainneacha agus íosteorainneacha IRS;
  - an modh chun IRS a ríomh;
  - tairseacha ARW;
  - an modh chun ARW a ríomh;
  - modhnuithe roghnacha ar an bhfoirmle ríomha a chur i bhfeidhm.
82. Ba cheart don SRT a léiriú i ranníocaíocht gach ball-institiúide, agus, dá bhrí sin i gcalabhrú an mhodha ríomha, dlíteanas méadaithe arna thabú ag SRT mar thoradh ar rannpháirtíocht bhaill a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- an dóchúlacht go ndéanfaidh SRT idirghabháil;
  - na cailteanais fhéideartha don SRT a eascraíonn as idirghabháil SRT, ar bhonn glan tar éis aisghabhálacha féideartha ó eastát féimheachta na hinstiúide ar theip uirthi.
83. Ba cheart don SRT na dreasachtaí a sholáthraítear leis an modh ríomha a ailíniú le ceanglais stuamachta.

84. Ba cheart don SRT cleachtais náisiúnta chuntasaíochta agus tuairiscithe a chur san áireamh.
85. Ba cheart don SRT gnéithe uile an mhodha ríofa a chalabhrú chun go mbeidh siad comhsheasmhach leis na sonraí stairiúla ábhartha. Chun na críche sin, ba cheart an méid seo a leanas a áireamh sna sonraí stairiúla: (i) sonraí faoi chliseadh institiúidí, idirghabhálacha SRT, gníomhaíocht réitigh nó bearta arna ndéanamh ag údaráis phoiblí eile chun an cliseadh a chosc; agus (ii) sonraí faoi ghlanchailteanais nó faoi rátaí téarnaimh an SRT ó theagmhais den sórt sin.
86. Ba cheart don údarás inniúil, i gcomhar le húdarás ainmnithe, comparáid a dhéanamh go rialta — gach 5 bliana ar a laghad agus roimh an athbhreithniú rialta 5 bliana ar na Treoirlínte seo — idir na torthaí a fuarthas agus an modh ríomha á chur i bhfeidhm agus tagarmharc iomchuí dá measúnú riosca, mar shampla leis an measúnú riosca a dhéantar faoi SREP. Ba cheart an chomparáid sin a dhéanamh ar bhealach iomlánaíoch. Ba cheart don údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, ÚBE a chur ar an eolas faoi thoradh iomlánaíoch na comparáide sin agus faoi na neamhréireachtaí a tugadh faoi deara.
87. Ba cheart don SRT athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe uile an mhodha ríomha agus, i gcás inar gá, iad a athchalabhrú — gach 5 bliana ar a laghad agus tar éis an athbhreithnithe rialta 5 bliana ar na Treoirlínte sin — chun a áirithiú go bhfuil feidhmíocht an mhodha ríomha íogair go leor ó thaobh riosca de agus go bhforáiltear leis d'idirdealú riosca leordhóthanach ar a chuid ball-institiúidí. Ba cheart go spreagfadh athruithe i dtuairiscíú sonraí, athruithe rialála nó institiúideacha seiceáil agus fíorú fheidhmíocht na samhla freisin.

## 4.8. Nuashonrú nó ceartú ranníocaíochtaí

88. I gcás inar gá don SRT coigeartú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí tréimhsiúla na mball-institiúidí a íocadh cheana féin, mar shampla de bharr nuashonruithe ar tháscairí roinnt ball-institiúidí chun earráidí cuntasaíochta a cheartú, ba cheart don SRT a bheith in ann an coigeartú a fhritháireamh leis an gcéad ranníocaíocht thréimhsiúil eile atá dlite, seachas aon cheanglas a bheith air ranníocaíochtaí roimhe sin a aisíoc agus a bhailiú an athuair.

## 4.9. Sonraí a bhailiú

89. Ba cheart go mbeadh córais leordhóthanacha i bhfeidhm ag an SRT chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú chun ranníocaíochtaí gach ball-institiúide a ríomh. I gcásanna nach ndéanann an SRT faisnéis a bhailiú go díreach ó bhall-institiúidí ach go bhfuil sé ag brath ar an bhfaisnéis a chuireann na húdaráis inniúla nó ainmnithe ar fáil, ba cheart forálacha reachtúla nó socruithe foirmiúla a bheith i bhfeidhm ionas go mbaileofar agus go dtarchuirfear ar bhonn tráthúil an fhaisnéis a éilíonn an SRT chun na ranníocaíochtaí a riar.
90. Chun ranníocaíochtaí a ríomh, ba cheart don SRT úsáid a bhaint as faisnéis atá ar fáil dó cheana féin nó as faisnéis a d'iarr údaráis inniúla ar bhall-institiúidí mar chuid dá n-oibleagáidí

tuairiscithe. Ba cheart don SRT cothromaíocht a bhaint amach idir faisnéis a éileamh atá riachtanach chun ranníocaíochtaí a ríomh agus gan iarratais ró-throm ar fhaisnéis a dhéanamh ó na ball-institiúidí.

91. Níor cheart go n-éileodh an DGS sonraí nach bhfuil tuairiscithe ar bhonn rialta cheana féin ach amháin má tá gá le sonraí den sórt sin chun an riosca a bhaineann le ball-institiúidí don SDG a chinneadh.

#### 4.10. Trédhearcacht agus rúndacht sonraí

92. Ba cheart don SRT ar a laghad an tuairisc ar an modh ríomha agus ar pharaiméadair na foirmle ríomha, lena n-áirítear táscairí riosca, a nochtadh don phobal, ach ní gá go nochtfaidh sé a n-ualaí faoi seach.
93. Ba cheart don SRT torthaí an aicmithe riosca agus a chomhpháirteanna i gcás ball-institiúide ar leith a nochtadh don bhall-institiúid sin, ach ní don phobal.
94. Ba cheart don SRT an fhaisnéis a úsáidtear chun ranníocaíochtaí a ríomh nach nochtar go poiblí ar shlí eile a choinneáil faoi rún.

#### 4.11. An modh ríomha a fhorfhéas

95. Ba cheart don SRT formheas a lorg ón údarás inniúil i gcomhar leis an údarás ainmnithe sula gcuirfean an modh ríomha chun feidhme den chéad uair. Ba cheart don SRT athnuachan ar fhorfhéas an údaráis inniúil a fháil i gcomhar leis an údarás ainmnithe a mhinice a mheasann an t-údarás inniúil, i gcomhar leis an údarás ainmnithe, a bheith iomchuí agus, in aon chás, sula dtabharfar isteach aon athruithe ábhartha ar mhodh ríomha a fhorfhéasadh cheana féin. Ba cheart don SRT fógra a thabhairt don údarás inniúil agus don údarás ainmnithe faoi athruithe neamhábhartha ar an modh ríomha ar bhonn bliantúil.

# Iarscríbhinn 1 — An modh chun x a shainaithint d’fhonn ranníocaíochtaí íosta a ríomh

---

1. Déantar cur síos sa mhodh seo a leanas ar conas ‘x’ a shainaithint chun ráta ranníocaíochta íosta na ranníocaíochta íosta a ríomh de réir mhír 72b.
2. Ar an gcéad dul síos, ba cheart don SRT gach ball-institiúid a rangú de réir thoradh a gcuid ARW agus a dtaiscí cumhdaithe  $ARW_i * CD_i$ . Tá cur síos ar ord a rangaithe ag an innéacs ‘r’. Tá rangú r=1 ag an mball-insitiúid a bhfuil an  $ARW_i * CD_i$  is lú aici agus tá rangú r=n ag an mball-institiúid a bhfuil an  $ARW_i * CD_i$  is mó aici.

3. Ar an dara dul síos, i gcás gach ball-institiúide, ba cheart don SRT an ranníocaíocht eatramhach  $eatramhachC_r$  a ríomh ar leithligh de réir na foirmle seo a leanas:

$$eatramhachC_r = \frac{spriocleibhéal tréimhsiúil - (r - 1) * MC}{\sum_{i=r}^n ARW_i * CD_i} * ARW_r * CD_r$$

4. Ar an tríú dul síos, ba cheart don SRT comparáid a dhéanamh idir  $eatramhachC_r$  gall ball-institiúide leis an ranníocaíocht MC íosta. Ba cheart dó ansin líon ‘x’ na n-institiúidí nár cheart dóibh ach an ranníocaíocht íosta MC a íoc, i.e. a bhfuil  $eatramhachC_r$  acu atá  $\leq MC$ .
5. Ar an gceathrú dul síos, ba cheart don SRT uimhir shainaitheanta ‘x’ na n-institiúidí a íocann an ranníocaíocht íosta sna foirmlí i mír 72b a chur i bhfeidhm.